An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

**Comhairle agus treoir d'iarratasóirí agus iad ag tabhairt freagra ar an réimse seo a leanas: Leag amach an dóigh a rachaidh do thionscadal chun tairbhe don bhithéagsúlacht agus/nó don inbhuanaitheacht**

Is é seasamh na Comhairle Oidhreachta go n-imríonn gach tionscadal tionchar ar an gcomhshaol agus, beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé sin mar chuspóir leis an tionscadal, táimid ag iarraidh ar dhaoine breithniú a dhéanamh ar a dtionchar agus ar conas is féidir leo aon tionchair dhiúltacha a laghdú agus aon tionchair dhearfacha a thabhairt isteach.

**I gcás suíomh de chineál músaeim**, mar shampla, d'fhéadfá a chur in iúl dúinn conas a laghdóidh tú úsáid fuinnimh, conas a phléifidh tú leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar chúram a thabhairt do na bailiúcháin (e.g., fadhbanna méadaithe a bhaineann le múscán nó taise, teacht lotnaidí inveirteabracha nua de bharr aimsir níos teo agus níos taise, agus pleanáil do thubaistí ina dtugtar aird ar bháisteach mhéadaithe agus ar an riosca méadaithe tuile), agus cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe agat aon fhor-rochtain nó aon mhúscailt feasachta maidir leis an athrú aeráide a chur ar áireamh i dtaispeántais amach anseo.

**I gcás tionscadal caomhantais oidhreachta tógtha**, d'fhéadfadh grúpaí breithniú a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag oibreacha pleanáilte caomhantais ar an mbithéagsúlacht – e.g., an tionchar a bheidh ann mar thoradh ar eidhneán a bhaint, ar rud é a théann chun mórthairbhe don bhithéagsúlacht, agus conas a d'fhéadfá an tionchar sin a mhaolú, mar shampla trí eidhneán a chur in áit eile. D'fhéadfá trácht a dhéanamh freisin ar an dóigh a gcomhlíonfaidh tú ceanglais an Achta um Fhiadhúlra a mhéid a bhaineann le hoibreacha a rachaidh i bhfeidhm ar fhásra a uainiú lasmuigh de shéasúr goir na n-éan, mar aon leis an dóigh a gcinnteoidh tú nach mbeidh aon tionchar diúltach ag na hoibreacha beartaithe ar ialtóga.

**I gcás tionscadail de gach cineál a bhfuil cruinnithe nó imeachtaí i gceist leo**, d'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar conas is féidir na himeachtaí a bhaineann le do thionscadal a dhéanamh níos inbhuanaithe (imeachtaí a reáchtáil in aice le roghanna iompair phoiblí, síobroinnt nó bus tointeála a sholáthar, faisnéis a thabhairt do na daoine a bheidh i láthair ar na nithe a bhíonn á ndéanamh agat chun an t-imeacht a dhéanamh níos inbhuanaithe – is féidir cuid mhór smaointe ina leith sin a aimsiú sa treoir atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin maidir le conas imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta a dhéanamh níos inbhuanaithe - https://www.heritageweek.ie/news/sustainability).

**I gcás tionscadail léirmhínithe**, an féidir leat an próiseas léirithe a dhéanamh níos inbhuanaithe? An féidir leat a chinntiú go gclófaidh tú líon íosta cruachóipeanna agus go ndáilfidh tú tuilleadh ábhair trí mhodhanna digiteacha? An féidir leat a chinntiú go mbainfidh tú úsáid as páipéar neamhthuartha athchúrsáilte agus as dúigh atá saor ó chlóirín agus go ndéanfaidh tú siopadóireacht sa limistéar áitiúil chun tionchair iompair a laghdú? Fiú amháin i gcás go mbaineann an t-ábhar clóite leis an oidhreacht thógtha nó chultúrtha, an féidir leat a léiriú dúinn conas a d’aithin tú go bhfuil an ghéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta tábhachtach do gach tionscadal oidhreachta?

**Mar achoimre**, táimid ag iarraidh ort breithniú a dhéanamh ar mhórthionchair do thionscadail agus ar conas a oibreoidh tú chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar diúltach ag do thionscadal ar an oidhreacht nádúrtha ná ar an inbhuanaitheacht.